An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Márta 2024

# Clár Ábhar


**RÉAMHRÁ** ........ 3

**1. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS** ........ 5

**Achoimre Roinne** ........ 7

**2. CUNTASAÍOCHT SA CHURACLAM** ........ 9

An tsraith shóisearach ........ 9

An tSraith shinsearach ........ 9

Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta ........ 10

**Achoimre Roinne** ........ 14

**3. LÉARGAIS Ó CHUAIRTEANNA SCOILE** ........ 15

**Achoimre Roinne** ........ 17

**4. TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA IN OIDEACHAS CUNTASAÍOCHTA MEÁNSCOILE SINSEARAÍ** ........ 18

Iarthar na hAstráile ........ 18

Albain ........ 19

Singeapór ........ 20

Ontario ........ 22

**Achoimre Roinne** ........ 23

**5. CEISTEANNA LE MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU** ........ 24

**Scóip an ábhair:** ........ 24

**Forbairt na rialála agus na gcaighdeán** ........ 24

**Forbairt na bpríomhinniúlachtaí** ........ 25

**Cúrsaí eitice agus inbhuanaitheacht:** ........ 25

**Teicneolaíocht dhigiteach agus ról an TF i gcleachtas cuntasaíochta** ........ 25

**Measúnú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta** ........ 26

**Achoimre Roinne** ........ 26

TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR CHUNTASAÍOCHT NA HARDTEISTIMÉIREACHTA ........ 27

AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA A FHORBAIRT LE HAGHAIDH DHEARADH NA SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 2. ........ 29

TAGAIRTÍ ........ 36

# Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022a) a foilsíodh i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – lena n-áirítear ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (an Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagtar amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal ábhar agus modúl na sraithe sinsearaí a bheith le hathfhorbairt agus go gcuirfear é faoi bhráid an Aire lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar agus modúl le hathbhreithniú ina dhiaidh sin agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 1 i gcrích in 2024 chun iad a thabhairt isteach i scoileanna in 2025, agus cuimsítear Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta i dTráinse 2, a chuirfear i gcrích in 2025 le tabhairt isteach i scoileanna i Meán Fómhair 2026.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh athbhreithniú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus rinne tuairimí na múinteoirí, ceannairí scoile agus an scoláire eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chlár cuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna.

Cuirtear tús leis ach machnamh a dhéanamh ar an gcúlra faoi Chuntasaíocht mar ábhar sa tsraith shinsearach le Cuid 1 ag cur dearcadh ar an gcomhthéacs reatha i láthair, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha laistigh d'oideachas agus de shaol na Cuntasaíochta. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta laistigh de churaclam na hÉireann sula ndírítear níos mine ar shiollabas Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta. I gCuid 3 ar cuirtear forléargas ar fáil i Roinn 3 ar na léargais a fuarthas trí chuairteanna scoile a rinneadh agus tríd an bhfíor-thaithí a bhíonn ag daoine sa scoil, múinteoirí, agus ag an scoláire.  I gCuid 4 pléatar dheiseanna oideachais den sórt céanna go hidirnáisiúnta agus cuirtear achoimre ar fáil ar an gceithre dhlínse éagsúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe chun roinnt deacrachtaí a chatagóiriú agus chun iad a phlé go hachomair, deacrachtaí a sainaithníodh le machnamh a dhéanamh orthu maidir le forbairt sonraíochta nua le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus ag an deireadh leagtar amach treoir mholta le haghaidh forbairt sonraíochta nua i gCuid 6.

# 1. Cúlra agus comhthéacs

Cuirtear achoimre ar fáil sa chuid seo ar na hathruithe is suntasaí a rinneadh le déanaí in oideachas iar-bhunscoile, forbairtí i mbreisoideachas agus ardoideachas agus déantar machnamh sa chuid chéanna ar thionscnaimh agus forbairtí an bheartais i saol an ghnó agus an airgeadais is mó a bhaineann le Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta.

Tugadh siollabas reatha Cuntasaíochta na hArdteistiméireachta isteach sa bhliain 1995 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 1997. Dearadh an cúrsa seo ionas go leanfadh sé Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh, ach rinneadh soláthar laistigh de don scoláire chun staidéar a dhéanamh ar an ábhar ab initio ar a theacht isteach i gclár na hArdteistiméireachta, gan an tairbhe de staidéar a dhéanamh ar Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh (ROS, 1995). Ó tugadh isteach an siollabas reatha, tháinig athrú mór ar an tírdhreach oideachais, ar chonairí féideartha an scoláire agus ar an tírdhreach cuntasaíochta agus airgeadais níos leithne. Anois, déanfar fiosrú sa chuid seo ar chuid de na hathruithe is suntasaí a bhaineann le hathfhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta.

### Oideachas Iar-bhunscoile

Ó thaobh an churaclaim de, tugadh sonraíocht athbhreithnithe ábhair isteach in 2015 le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i scoileanna i gcomhréir le Creat don tSraith Shóisearach (ROS, 2015). Tháinig sé seo isteach in ionad shiollabas Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí in 1989. Cuimsíodh leis na príomhathruithe tabhairt isteach dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRBanna), díriú ar phríomhscileanna agus baint an riachtanais go mbeadh ar scoláire Staidéir Gnó dhá scrúdpháipéar scríofa a dhéanamh ag Ardleibhéal.

Ag an tsraith shinsearach, is é foilsiú an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022) a leag amach aidhm bheartaithe le haghaidh oideachas na sraithe sinsearaí agus leagtar amach ann fís le haghaidh athbhreithniú ar an tsraith shinsearach atá bunaithe ar shraith de threoirphrionsabail. Ag freagairt don tuarascáil seo, chuir an tAire Foley tús le clár um athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Mar chuid den athfhorbairt seo, tá sraith de phríomhinniúlachtaí scoláire á leabú ar fud na dtorthaí foghlama in ábhair agus modúil athfhorbartha nua.

Maidir le hoideachas a bhaineann le gnó, breathnaítear ar thuiscint airgeadais do dhaoine óga mar rud atá ag éirí níos tábhachtaí le meas. Léirigh staidéar an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), Inniúlacht Airgeadais agus Folláine in Éirinn agus Dréachtchreat an Choimisiúin Eorpaigh do Pháistí agus do Dhaoine Óga agus Líonra Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Airgeadais de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), léirigh siad an gá go n-éireoidh daoine óga feasach go criticiúil ar shaincheisteanna airgeadais, tomhaltóra agus reachtaíochta. Rinne an Roinn Airgeadais machnamh ar an tábhacht a thugtar do thuiscint an scoláire ar airgeadas, agus tá siad ag forbairt na chéad straitéise tuisceana airgeadais náisiúnta in Éirinn.

Laistigh de thírdhreach níos leithne beartais um oideachas, díríonn an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2027 ar an bpoitéinseal atá ag an teicneolaíocht dhigiteach laistigh den churaclam agus cuireann sí níos mó béime ar ról na teicneolaíochta digití chun tacaíocht a chur ar fáil do theagasc,

foghlaim agus measúnú agus chun iad a fheabhsú agus chun forbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire a chothú Tá suntas ar leith ag baint le poitéinseal na teicneolaíochta digití chun feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, de bharr an réimse leathan feidhmchlár agus pacáistí bogearraí a úsáidtear chun tacú le cineálacha cur chuige agus cleachtas cuntasaíochta mar a phléitear níos déanaí sa chuid seo.

### Breisoideachas agus oiliúint, agus ardoideachas

Ba é bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta in 2020, a d'fhág go raibh fócas athnuaite ar bheartas breisoideachais agus ar Bhreisoideachas agus ar Oiliúint. Cuimsítear leis seo forbairt an Phlean Gníomhaíochta ar Phrintíseacht 2021 - 2025 ina leagtar béim ar fhorbairt scileanna a chothú agus deiseanna nua a chothú i réimse slite beatha agus tionscal, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais. Cuimsítear leis na deiseanna printíseachta oiliúint mar theicneoir cuntasaíochta is féidir a úsáid chun dul ar aghaidh chuig cáilíocht iomlán i gcuntasaíocht nó staidéir leanta i gcoláistí ábhartha tríú leibhéal, le hoibriú mar chomhlach seirbhíse airgeadais idirnáisiúnta nó mar speisialtóir seirbhíse airgeadais idirnáisiúnta ag obair in anailísíocht sonraí, Fintech (Teicneolaíocht an airgeadais) nó Regtech (Teicneolaíocht Rialúcháin). Tháinig athrú agus éagsúlú ar an tírdhreach in Ardoideachas freisin agus tá deiseanna a bhaineann le cuntasaíocht ar fáil i réimse cúrsaí níos leithne san earnáil Baincéireachta agus Seirbhísí Airgeadais. Cuimsítear leo seo céimeanna níos leithne tráchtála agus gnó agus cúrsaí níos speisialaithe amhail cuntasaíocht agus airgeadas, matamaitic airgeadais, agus bainistíocht infheistíochta. Ceaptar go bhfuil inniúlachtaí amhail smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, cumarsáid agus féinbhainistíocht tábhachtach sna réimsí seo.

### Forbairt beartais cuntasaíochta níos leithne

Tháinig go leor athruithe ar shaol na cuntasaíochta lasmuigh d'oideachas. Ar an gcéad dul síos tá leithead agus doimhneacht na gairme ag méadú. Go traidisiúnta, díríodh sa tionscal ar chuntasaíocht airgeadais theicniúil, ach tá réimse scileanna eile tábhachtach anois, lena n-áirítear an gá go mbeadh an gairmí cuntasaíochta in ann athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar gach cineál eolais agus léargais agus comhairle a chur in iúl faoin eolas céanna. Caithfidh na cuntasóirí a bheith in ann cuntas a choinneáil ar phríomh-threochtaí gnó sa timpeallacht sheachtrach agus tuiscint a fháil orthu agus anois caithfidh siad comhairle agus tuairimí speisialaithe a chur ar fáil maidir le feidhmíocht iomlán an ghnó maidir le brabúsacht laethúil chomh maith le fás i luach inbhuanaithe fadtréimhseach.

Is iad forbairt agus nuálaíocht bogearraí agus rochtain ar leathanbhanda ardluais fairsing, a d'fhág gur tháinig athruithe dinimiciúla ar chleachtais chuntasaíochta agus ar chineálacha cur chuige cuntasaíochta. Cuimsítear le cineálacha dul chun cinn ar leith maidir le bogearraí cuntasaíochta le haghaidh leabharchoimeád iontrála dúbailte agus táirgeadh cuntas, mar shampla, Quick Books agus Sage a úsáidtear den chuid is mó i measc daoine atá ag obair i gcleachtas cuntasaíochta. Is iondúil go n-úsáidfeadh gnólachtaí móra ilnáisiúnta pacáistí amhail Oracle nó SAP dá gcuntais inmheánacha agus is iondúil go gcomhtháthaítear iad seo ina gcórais eile, mar shampla, i réimse na ndíolachán. Úsáidtear feidhmchláir scarbhileoige amhail Excel go forleathan freisin de bharr go n-éascaíonn siad ríomhanna bunúsacha agus casta chomh maith le hachoimriú agus bailíochtú sonraí.

Is gné shuntasach iad cúrsaí eitice de chuntasaíocht agus de chleachtas cuntasaíochta. Is é an Coiste Comhairleach de Chomhlachtaí Cuntasaíochta na hÉireann an scáth-ghrúpa do na ceithre phríomhchomhlacht cuntasaíochta in Éirinn. Más rud é gur mhaith le cleachtóirí cuntasaíochta a

bheith mar bhall de na comhlachtaí seo, ní mór dóibh cloí lena rialacháin agus treoirphrionsabail lena n-áirítear cleachtadh eiticiúil. Cuidíonn na comhlachtaí cuntasaíochta leis na baill trí chreat nó cód eitice a chur ar fáil inar féidir leo cinntí eiticiúla a dhéanamh. Is meastachán riachtanach do ghairmithe cuntasaíochta iad léirthuiscint ar chleachtas eiticiúil a chothú agus tuiscint a chothú ar na prionsabail de mhacántacht, oibiachtúlacht, inniúlacht ghairmiúil agus cúram cuí agus rúndacht agus iompraíocht phroifisiúnta. Is mó an t-ábhar imní í inbhuanaitheacht i gcleachtas cuntasaíochta. Thug Cuntasóirí Cairte na hÉireann chun solais go bhfuil gá le cleachtóirí cuntasaíochta ag a bhfuil eolas níos leithne i réimse na hinbhuanaitheachta. Is féidir leis na cuntasóirí cuidí le gnólachtaí chun teacht aniar a chruthú, le bheith níos inbhuanaithe agus inbhuanaitheacht a mheas agus a thuairisciú. Is féidir béim níos láidre a chur ar chúinsí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), lena n-áirítear tuairisciú lasmuigh d'fheidhmíocht airgeadais agus léargais a chur ar fáil ar chleachtas inbhuanaithe agus ar thionchar timpeallachta agus sochaíoch.

I dteannta le comhthéacs an bheartais a athrú le haghaidh cuntasaíochta, tháinig athruithe suntasacha ar rialacháin chuntasaíochta, lena n-áirítear creat coincheapúil na cuntasaíochta (na bun-choincheapa cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Chleachtas Caighdeánach Cuntasaíochta 2 (SSAP2). Cuimsítear SSAP2 leis an siollabas cuntasaíochta reatha. Is é Coiste na gCaighdeán Cuntasaíochta a d'eisigh SSAP2 in 1971 agus shainmhínigh sé ceithre bhun-choincheap cuntasaíochta, is iad sin, coincheap na himní méadaithe, coincheap an fhabhraithe, coincheap na comhsheasmhachta, agus coincheap na críonnachta. Tháinig an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 18 (FRS 18) isteach in ionad SSAP2 in 2001, lenar cuimsíodh gnéithe de ráiteas na bprionsabal. Tháinig FRS 102 isteach in áit FRS 18 agus is é an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta dar tús nó tar éis an 1 Eanáir 2015. Rud eile atá suntasacht i gcomhthéacs na hÉireann ná na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) a fhoilsíonn Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta (IASB). Tá sé de rogha ag na gnólachtaí Éireannacha a gcuntais a ullmhú de réir Chleachtais Chuntasaíochta Choitianta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe (GAAP) nó faoi IFRS.

Ciallaíonn na hathruithe dinimiciúla go bhfuil athfhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta tráthúil anois de bharr gur tháinig méadú marthanach ar gheilleagar na hÉireann agus de bharr gur tháinig méadú ar an éileamh ar ghairmithe cuntasaíochta agus ar ghairmithe a bhaineann le hairgeadas. Anuas ar an méid sin, tháinig méadú ar an éileamh ar róil an tionscail, próisis claochlaithe gnó, anailísíocht sonraí, teicneolaíocht rialúcháin, Teicneolaíocht an Airgeadais, comhlíonadh, agus bainistíocht riosca. Cuireann athfhorbairt Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta deis ar fáil lena chinntiú go bhfuil foghlaim san ábhar bainteach don scoláire le linn dó a bheith ag aistriú chuig réimse ardaidhmeanna iarscoile a bhféadfadh baint a bheith acu le hairgeadas nó a bheith lasmuigh de réimse na cuntasaíochta agus an airgeadais.

## Achoimre Roinne

- Athbhreithníodh siollabas Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta in 1995 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 1997.
- Ó bhí 1995 ann, tháinig go leor athruithe ar réimsí an oideachais agus an airgeadais. Tá béim níos mó ar thábhacht na litearthachta airgeadais ina hiomláine do gach duine óg.

- Athbhreithníodh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus le déanaí, forbraíodh sraithe príomhinniúlachtaí don scoláire in athfhorbairt na sraithe sinsearaí.
- Tháinig éagsúlú suntasach ar raon na gconairí féideartha don scoláire ó bhí 1995 ann agus tá réimse deiseanna ar fáil i mbreisoideachas, oiliúint, agus deiseanna san ardoideachas a bhaineann le hairgeadas.
- Níl gairm na cuntasaíochta dírithe ar chuntasaíocht airgeadais theicniúil amháin, teastaíonn réimse scileanna breise ann freisin, lena n-áirítear an gá go mbeadh an gairmí cuntasaíochta in ann athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar gach cineál eolais agus léargais agus comhairle a chur in iúl faoin eolas céanna.
- Anois, tá cúrsaí eitice mar ghné thábhachtach de ghairm na cuntasaíochta, agus léirítear é seo sna hathruithe ar reachtaíocht agus i réimse rialachán, cé go bhfuil béim mhéadaithe ar chomhshaol, sóisialta agus rialachas (ESG).
- Úsáidtear teicneolaíocht dhigiteach go forleathan i gcleachtas cuntasaíochta. Úsáidtear bogearraí cuntasaíochta deartha go sonrach do chuntasaíocht i ngnólachtaí cleachtais cuntasaíochta agus i ngnólachtaí mór ilnáisiúnta le haghaidh leabharchoimeád iontrála dúbailte agus le haghaidh tháirgeadh na gcuntas.
- Tháinig athrú suntasach ar rialachán cuntasaíochta ó 1995 agus tá sé seo an-soiléir sna réimsí SSAP2, FRS 18, FRS102, Cleachtas Cuntasaíochta Coitianta na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe agus in IFRS.

# 2. Cuntasaíocht sa churaclam

Cuirtear achoimre ar fáil sa chuid de ar fhoghlaim a bhaineann le cuntasaíocht laistigh de churaclam na hÉireann agus leagtar amach deiseanna d'fhoghlaim a bhaineann le cuntasaíocht in oideachas iar-bhunscoile. Ansin, díríonn sé ar rátaí rannpháirtíochta i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta, ina leagtar amach roghnú an ábhair agus déantar fiosrú ann ar an tuarascáil is déanaí de chuid an Phríomhscrúdaitheora ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus faoi dheireadh, baineann sé leas as na léargais luachmhara a fuarthas trí fhócasghrúpaí a rinneadh i scoileanna ina gcuirtear Cuntasaíocht ar fáil, rud a chuireann dearcadh saibhir ar fáil ar thaithí múinteoirí agus scoláirí na Cuntasaíochta, agus roinnt dearcthaí ó na ceannairí scoile.

## An tsraith shóisearach

### Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Tugadh isteach sonraíocht nua le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí i scoileanna in 2015, tháinig sí isteach in áit siollabas Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí (1989). Dírítear sa tsonraíocht ar thuiscint an scoláire ar an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus ar scileanna don saol, don obair agus do staidéar breise a fhorbairt trí na trí shnáithe idirnasctha: Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar. Is feiceálaí na naisc le Cuntasaíocht sna torthaí foghlama a leagtar amach in Airgeadas Pearsanta agus Fiontraíocht. Cuimsítear leis na hábhair a phléitear sna torthaí seo; ioncam, caiteachas, buiséadú, sreabhadh airgid, cuntas airgid agus cuntais deiridh. Cuireann ceann amháin den trí rogha laistigh de MRB1 deis ar fáil don scoláire dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainaithint agus taighde a dhéanamh air. Mar chuid den tionscadal seo, déanann an scoláire iniúchadh ar dhúshlán airgeadais roghnaithe, déanann sé measúnú ar a thorthaí, agus forbraíonn sé plean gníomhaíochta.

### Réimsí eile na Sraithe Sóisearaí

Tugadh isteach sonraíocht nua le haghaidh Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí i scoileanna in 2017. Dírítear sa tsonraíocht seo ar chumas an scoláire a fhorbairt chun smaoineamh go loighciúil, go straitéiseach, go criticiúil agus go cruthaitheach a fhorbairt tríd an snáithe aontach agus na ceithre shnáithe chomhthéacsúla: Uimhreas; Céimseata agus triantánacht; Ailgéabar agus feidhmeanna; agus Staitisticí agus dóchúlacht. Is feiceálaí foghlaim a bhaineann le cuntasaíocht sa Snáithe uimhris. I sonraíocht na hEacnamaíochta Baile sa tsraith shóisearach, bíonn an deis ag an scoláire fiosú a dhéanamh ar bhuiséadú mar chuid d'Inniúlacht Tomhaltóirí.

## An tSraith shinsearach

Bíonn an deis ag an scoláire sa tsraith shinsearach staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta tríd **an Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB).** D'fhéadfadh scoileanna Cuntasaíocht, Eacnamaíocht, agus Gnó a chur ar fáil don scoláire atá ag cur isteach ar an ATB. Foilsíodh sonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta in 2018 agus scrúdaíodh den chéad uair í in 2020, agus is é an aidhm atá aici ná fiosracht agus spéis an scoláire a spreagadh sa timpeallacht eacnamaíochta agus sa chaoi a mbíonn sé ag idirghníomhú léi. Forbraíonn sí sraith scileanna, eolais agus luachanna a chuireann ar chumas an scoláire tuiscint a fháil ar na fórsaí eacnamaíochta a imríonn tionchar ar a shaol laethúil, ar a shochaí agus ar a gheilleagar ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus domhanda. Bíonn sé níos eolaí mar chinnteoir dá bharr. Tá Gnó na hArdteistiméireachta á athfhorbairt faoi láthair chun tacú le cuspóir na físe a bhaint amach le

haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha. Tá sonraíocht athbhreithnithe le tabhairt isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2025.

San **Idirbhliain**, tá go leor neamhspleáchais ag scoileanna agus a gclár féin á fhorbairt acu, mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh nó nach mbeadh Cuntasaíocht nó foghlaim ghaolmhar a bheith mar chuid den chlár scoile ar leith. Le blianta beaga anuas, d'fhorbairt comhlachtaí agus eagraíochtaí gairmiúla roinnt modúl cuntasaíochta agus modúil a bhaineann le hairgeadas chun tacú le hoideachas a bhaineann le hairgeadas san Idirbhliain. I dteannta leis sin, is iomaí scoláire san Idirbhliain a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le fiontraíocht chun foghlaim faoi airgeadas mionchuideachta a bhainistiú, lena n-áirítear tuiscint a fhorbairt ar ráitis sreafa airgid agus ar chuntais deiridh. Tabharfar isteach Ráiteas Cláir nua i scoileanna le haghaidh na hIdirbhliana i mí Mheán Fómhair 2024. Déantar tagairt i nDiminsean an Scoláire de *Bheith i d'fhoghlaimeoir* don scoláire ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir a thacódh le forbairt na n-inniúlachtaí digiteacha a d'fhéadfadh a bheith cabhrach i staidéar na Cuntasaíochta ach d'fhéadfadh Diminsean an Scoláire: *Fiosrú slí bheatha* staidéar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta a chur chun cinn.

Cuimsítear dhá Mhodúl Naisc le **Gairmchlár na hArdteistiméireachta** - *Ullmhúchán do Shaol na hOibre* agus *Oideachas Fiontraíochta.* Is trína rannpháirtíocht in *Oideachas Fiontraíochta* a bhíonn an deis ag an scoláire a ghníomhaíochtaí fiontraíochta féin a phleanáil agus a reáchtáil, agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí leo sin díriú ar airgeadas a bhainistiú sa mhionfhiontar. Tá Modúil Naisc Ghairmchlár na hArdteistiméireachta á n-athbhreithniú tar éis cuid de Thráinse 2.

## Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Mar a luadh roimhe seo, tugadh isteach siollabas reatha Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta in 1995. Leagtar amach ann réasúnaíocht don ábhar ina mbreathnaítear air mar rud a chothaíonn meascán uathúil luachanna, meonta agus scileanna agus mar rud atá ábhartha i saol na ndaoine óga an lae inniu agus amach anseo. Tá sé mar aidhm ag an siollabas:

- cur le hoideachas ginearálta cothrom agus cuí, rud a fhágfaidh go ndéanfar gach scoláire a fhorbairt go pearsanta agus go sóisialta, chomh maith le coincheap na cuntasachta a chothú.
- feasacht a chruthú ar dhiminsean timpeallachta an ghnó inár saol agus chun eolas, tuiscint agus scileanna a chur ar fáil do gach scoláire, as a n-eascróidh inniúlacht phearsanta agus rannpháirtíocht fhreagrach sa timpeallacht athraitheach agus dhúshlánach seo.
- réimse staidéir a chur ar fáil a spreagfaidh tionscnaíocht agus a fhorbróidh féintuilleamaí, eagraíocht mheabhrach, smaointeoireacht shoiléir agus loighciúil, gastacht meabhrach, scileanna criticiúla, nósanna pleanála, modhanna agus próisis fiosrúcháin inar féidir le cruinneas a chinntiú i ngach scoláire.
- ábhar a chur ar fáil ar an gcuraclam atá le cur i bhfeidhm go praiticiúil den chuid is mó, agus a fhorbraíonn uimhearthacht i ngach scoláire chomh maith le heolas agus tuiscint ar ghnó agus fiontraíocht trí úsáid a bhaint as figiúirí, ríomhanna, agus staitisticí.
- gnéithe de ghnó agus fiontraíocht a thaispeáint don scoláire mar aon le dearcadh ar shlí bheatha agus ar shaol na hoibre, staidéar breise i gcuntasaíocht nó mar bhonn le haghaidh breisoideachais. (ROE, 1995, lch 4).

Dírítear i siollabas Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar choincheapa bunúsacha cuntasaíochta, ar rialachán, ar chuntais ghinearálta agus speisialaithe, agus ar chuspóirí ionchuimsiú TF agus na bhfeidhmchlár digiteach. Is mar a leanas na réimsí agus cineálacha taifeadtaí cuntasaíochta atá leagtar amach laistigh den siollabas:

- Creat coincheapúil na cuntasaíochta (lena n-áirítear coincheapa bunúsacha cuntasaíochta in SSAP2)
- Creat rialála na cuntasaíochta
- Taifeadtaí cuntasaíochta, chun an méid a leanas a chuimsiú:
    - Leabharchoimeád iontrála dúbailte
    - Ráiteas imréitigh bainc
    - Cuntais Rialúcháin
    - Cuntais Fionraí
    - Trádálaithe Aonair
    - Cuntas Cuideachta, leis an méid a leanas a chuimsiú:
    - Caipiteal sciartha, cúlchistí, agus caipiteal ó iasachtaí
    - Ráitis airgeadais na ngnólachtaí teoranta
    - Léirthuiscint ar thuarascálacha bliantúla de chuideachtaí poiblí teoranta (AL).
- Cuntais speisialaithe, leis an méid a leanas a chuimsiú:
    - Cuntais déantúsaíochta
    - Stoc
    - Cuntais chlub agus cuntais de ghnólacht seirbhíse
    - Cuntais na Roinne
    - Cuntais Feirme
    - Taifeadtaí taifead neamhiomlána
    - Ráitis sreafa airgid
    - Anailís agus léirmhíniú na ráiteas airgeadais
    - Cuntasaíocht Bhainistíochta
- Teicneolaíocht faisnéise agus feidhmchláir ríomhaire i gcuntasaíocht.

Maidir le *Teicneolaíocht faisnéise agus feidhmchláir ríomhaire i gcuntasaíocht* tugann siollabas na bliana 1995 le fios, 'nuair a chríochnaíonn an scoláire an t-ábhar seo, go mba cheart go mbeadh eolas dóthanach acu ar ról na ríomhairí agus na teicneolaíochta faisnéise i ngnólacht na linne seo agus ba cheart go mbeadh sé in ann úsáid a bhaint as ríomhairí chun aghaidh a thabhairt ar réimsí ar leith den churaclam' (ROS, 1995 lch. 20). Ceapadh go léireofaí é seo trí na modhanna measúnaithe: scrúdú scríofa deiridh agus measúnú bunaithe ar ríomhairí. Léirítear sna Treoirlínte Cuntasaíochta do mhúinteoirí go ndearnadh tagairt dó seo le haghaidh tuilleadh fiosrúcháin agus machnaimh. Níor tugadh isteach an measúnú bunaithe ar ríomhairí ina dhiaidh sin agus mar sin, tá measúnacht i gCuntasaíocht bunaithe ar pháipéar scríofa deiridh a dhéanann an scoláire ag Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal.

## Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta i bhfócas

Déanann an fho-rannóg seo scrúdú ar na rátaí rannphháirteacha i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta ag baint úsáid as staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus cuireann sí dearcadh ar fáil ar mheasúnú don teistiúchán chomh maith le roinnt léargas leathan i rannphháirtíocht an scoláire le réimsí éagsúla de shiollabas reatha Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta bunaithe ar an tuarascáil is deireanaí de CSS Príomhscrúdaitheoir le haghaidh Cuntasaíochta in 2018.

### Rannphháirtíocht an scoláire

Tugtar léargas ginearálta i dTábla 1 thíos ar rannphháirtíocht an scoláire ó 2019 ach léirítear comparáid in 3 ábhar gnó na hArdteistiméireachta i dTábla 2. Tugann na staitisticí seo le fios gurb í cuntasaíocht an dara hábhar is coitianta den 3 ábhar gnó atá ar fáil ag an tsraith shinsearach agus tá idir 12-14% de na scoláirí ag roghnú an ábhair gach bliain.

**Tábla 1: Líon na scoláirí ag tabhairt faoi Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta ag ardleibhéal agus ag gnáthleibhéal 2019-2023**

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Iarrthóirí Iomlána | Iarrthóirí Iomlána san Ardteistiméireacht | Cuntasaíocht mar % de na hiarrthóirí ar fad |
|---|---|---|---|---|---|
| 2023 | 5,051 | 2,007 | 7,058 | 58,006 | 12.17% |
| 2022 | 5,926 | 1,809 | 7,735 | 58,056 | 13.32% |
| 2021 | 6,872 | 1,454 | 8,326 | 59,852 | 13.91% |
| 2020 | 6,316 | 1,790 | 8,106 | 57,569 | 14.08% |
| 2019 | 6,095 | 1,812 | 7,907 | 56,071 | 14.10% |

**Tábla 2: Céatadán na scoláirí ag déanamh Ábhair Ghnó san Ardteistiméireacht 2019-2023 (CSS Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2019-2023)**

| Bliain | Cuntasaíocht | Gnó | Eacnamaíocht |
|---|---|---|---|
| 2023 | 12.16% | 32.8% | 8% |
| 2022 | 13.3% | 33.5% | 9% |
| 2021 | 13.9% | 30.2% | 9.1% |
| 2020 | 14% | 31% | 9% |
| 2019 | 14% | 30.9% | 10.4% |

### Measúnú don teistiúchán

Cuimsítear scrúdpháipéar scríofa amháin le scrúdú na Cuntasaíochta ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Maireann na scrúduithe ardleibhéil agus gnáthleibhéil trí uair an chloig agus tá 400 marc ar fáil d'iarrthóirí iontu.

Cuimsítear trí chuid leis an dá scrúdú:

- Cuid 1 Cuntasaíocht Airgeadais: Cuimsítear ceithre cheist leis an gcuid seo (Uimhreacha 1 - 4). Tá 120 marc ag dul don chéad cheist (A nó B) agus cuimseofar léi rannpháirtíocht agus críochnú Cuntais Brabúis agus Caillteanais agus Clár Comhardaithe do Thrádálaí Aonair, do Chomhlacht Teoranta, do Ghnólacht Roinne nó Monaraíochta. Tá 60 marc ag dul don trí cheist eile. Is féidir iad seo a fháil ó chuid Cuntasaíochta Airgeadais an tsiollabais. Freagraíonn na hiarrthóirí ceist 1 (A nó B) amháin NÓ aon dá cheann de na trí cheist fhágtha sa chuid seo.
- Cuid 2 Cuntasaíocht Airgeadais: Tá trí cheist sa chuid seo (Uimhreacha 5 - 7). Tá 100 marc ag dul do gach ceist. Freagraíonn na hiarrthóirí dhá cheann de na trí cheist. Is féidir iad seo a fháil ó chuid Cuntasaíochta Airgeadais an tsiollabais.
- Cuid 3 Cuntais Bhainistíochta: Tá dhá cheist sa chuid seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag dul do gach ceist. Freagraíonn na hiarrthóirí ceann amháin de na ceisteanna seo. Faightear iad seo ó chuid Cuntasaíocht Bhainistíochta an tsiollabais.

Tá dhá phríomhdhifríocht idir measúnú ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Ar an gcéad dul síos, maidir le hábhar an tsiollabais, sa chás go ndeartar cuid den ábhar le haghaidh ardleibhéil amháin, agus ar an dara dul síos, maidir le hionchais an scoláire. Bíonn ar an scoláire ardleibhéil eolas agus tuiscint níos doimhne a léiriú ar choincheapa agus ar cheisteanna chomh maith le hoilteacht níos fearr i scileanna, feidhmeanna, agus anailís.

### Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2018

Foilsíodh Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora is deireanaí do Chuntasaíocht tar éis an scrúdaithe in 2018 agus cuireann sé sonraí ar fáil faoina fheabhas a bhain na hiarrthóirí cuspóirí an chúrsa amach sa scrúdú deiridh. Tugann an Príomhscrúdaitheoir le fios go bhfuil fianaise mhaith ann ar chuimhne, eolas ar fhoirmlí agus téarmeolaíocht ach níl fianaise chomh maith sin ann ar scileanna ardoird amhail, nuair a iarrtar ar an scoláire a eolas agus a thuiscint a 'idirdhealú' nó a chur i bhfeidhm nó chun measúnú a dhéanamh air; nó tuairimí a thabhairt ar ghnéithe d'fheidhmíocht an ghnólachta amhail brabúsacht. I roinnt cásanna, ní raibh an scoláire chomh hinniúil maidir le scileanna iontrála dúbailte agus a bhíothas ag súil go mbeadh, agus ba dheacracht í seo a bhí le feiceáil ag gnáthleibhéal go mór mór.

Bunaithe ar na breathnuithe seo, dúirt an Príomhscrúdaitheoir go mba cheart go ndéanfaí staidéar ar Chuntasaíocht ar mhaithe le tuiscint a bhaint amach, agus léirigh sé an tábhacht le cineálacha cur chuige a chuireann deiseanna ar fáil don scoláire an t-eolas agus na scileanna a fuarthas a chur i bhfeidhm i réimse leathan comhthéacsanna ar fud an tsiollabais ar fad. Ba cheart go gcuimseofaí leis seo, deiseanna chun anailísiú a dhéanamh ar shonraí, chun cinntí a dhéanamh agus chun tátail a chur in iúl. Moltar sa tuarascáil go mba cheart go gcinnteodh na hiarrthóirí go bhfuil gach cuid den siollabas ullmhaithe go hiomlán le linn an staidéir agus thug sé rabhadh, go bhfuil baol ag baint le hiarracht a dhéanamh an scrúdpháipéar a thuar agus gnéithe den siollabas a fhágáil ar lár maidir le scrúdpháipéir amach anseo.

## Achoimre Roinne

- Tugadh isteach sonraíocht churaclam nua le haghaidh Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí in 2016. Déanann an scoláire a dhéanann staidéar ar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, déanann sé iniúchadh ar réimsí a bhaineann le hairgeadas amhail; ioncam, caiteachas, buiséadú, sreabhadh airgid, cuntas airgid agus cuntais deiridh. Tá béim láidir ar fhorbairt na bpríomhscileanna freisin.
- Is í cuntasaíocht an dara hábhar is mó a bhfuil tóir air sa tsraith ghnó don scoláire sa tsraith shinsearach le idir 12 agus 14% de na scoláirí á roghnú.
- Tá Measúnacht i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar bhonn scrúdpháipéar deiridh a dhéantar i mí Meithimh ina mbíonn rogha mhór ag an scoláire ar fud réimse ceisteanna.
- Sainaithnítear sa tuarascáil is déanaí den Phríomhscrúdaitheoir an gá go bhforbróidh an scoláire na scileanna tuilleadh maidir le hanailís agus measúnacht agus feabhas a chur ar a inniúlacht chun a fhoghlaim a chur i bhfeidhm. Cuireann sé béim ar an tábhacht le staidéar a dhéanamh ar chuntasaíocht ar mhaithe le 'tuiscint a bhaint amach'.

# 3. Léargais ó chuairteanna scoile

Reáchtáladh cuairteanna scileanna mar chuid den obair mheasta don Pháipéar Cúlra seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó 20 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh sna forbairtí i gcuraclam na Cuntasaíochta. Ag eascairt as seo, roghnaíodh cúig cinn de scoileanna trí úsáid a bhaint as critéir a bhain le stádas DEIS, inscne, méid agus cineál na scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna seo ar siúl i mí Eanáir 2024 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le 37 scoláire sa tsraith shinsearach, deichniúr múinteoirí Cuntasaíochta agus aon cheannaire scoile dhéag. Cuirtear léargas ginearálta ar fáil sa chuid ina dhiaidh seo ar na léargais a bailíodh sna cuairteanna seo.

### Dul chun cinn ón tsraith shóisearach

Léirigh rannpháirtithe dúshláin sna fócasghrúpaí don scoláire a roghnaíonn Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta sa chás gur chríochnaigh sé staidéar gnó na sraithe sóisearaí de bharr athchothromú churaclam na sraithe sóisearaí mar chuid de thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach. Braitheadh gurb é an scoláire a rinne staidéar ar shiollabas Staidéar Gnó an Teastais Shóisearaigh a bhí níos rannpháirtí i réimse níos leithne cuntas agus mar sin, bhí an scoláire sin ag tosú ó áit dhifriúil sa chúigiú bliain. Braitheadh mar sin go gcaithfí é seo a chur san áireamh i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus go gcaithfí machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim a bhaineann le hairgeadas sa tsraith shóisearach ach a bheith cúramach go bhféadfadh an scoláire an t-ábhar a roghnú ab initio, is é sin gan staidéar a dhéanamh ar staidéar gnó na sraithe sóisearaí. Rinneadh plé freisin sna fócasghrúpaí ar an ngá le comhsheasmhacht maidir le leaganacha amach na gcuntas agus maidir leis an téarmeolaíocht a úsáidtear, agus léirigh go leor de na rannpháirtithe go raibh mí-oiriúnú ann idir an stíl agus an teanga a úsáidtear sa tsraith shóisearach sa churaclam agus na scrúduithe i gcomparáid le siollabas reatha Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta agus leis na scrúduithe reatha.

### Ailíniú leis na caighdeáin, rialacháin agus cleachtas reatha.

Bhí feasacht láidir ann i measc rannpháirtithe an fhócasghrúpa ar an ngá le hathbhreithniú agus scrúdú a dhéanamh ar an siollabas reatha i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar chaighdeáin na cuntasaíochta agus thábhacht na scileanna digiteacha. Bhí go leor de na scoláirí a bhí páirteach sna fócasghrúpaí ar an eolas faoi na hathruithe ar chaighdeáin chuntasaíochta trí bhaill an teaghlaigh a bhí ag obair i gcuntasaíocht agus airgeadas, nó trí chairde agus baill teaghlaigh ag tabhairt faoi thuilleadh staidéir nó oiliúna sa réimse seo. D'aithin na múinteoirí freisin go raibh gá le hailíniú le caighdeáin an tionscail agus d'aithin siad an tábhacht le sonraíocht athfhorbartha a chuireann solúbthacht ar fáil ach soiléireacht a chur ar fáil freisin maidir leis na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuiltear ag súil leo.

Braitheadh nach gcuireann an siollabas reatha úsáid na teicneolaíochta digití chun cinn chun cuntais a chur i gcrích agus bhraith daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán go mba cheart machnamh a dhéanamh ar an méid sin agus sonraíocht nua á forbairt. Ceapadh gur gné riachtanach de chleachtas cuntasaíochta comhaimseartha go gcuirfí cuntais i gcrích i bhformáid dhigiteach amhail Excel nó pacáiste bogearraí cuntasaíochta aitheanta agus is iomaí scoláire a cheap go raibh sé faoi mhíbhuntáiste de bharr nach raibh an deis aige bunscileanna a fhorbairt maidir le húsáid na teicneolaíochta digití chun críocha cuntasaíochta, agus braith siad gur luachmhaire í an scil chun teicneolaíocht a úsáid seachas na colúin a tharraingt agus a rialú le haghaidh leaganacha amach na gcuntas. Ach, is iad na ceannairí scoile agus múinteoirí a thug faoi

deara go gcuimseofaí le tabhairt isteach na n-uirlisí digiteacha agus/nó pacáistí roinnt dúshlán, lena n-áirítear rochtain ar ghléasanna digiteacha, rochtain ar bhogearraí atá suas chun dáta bogearraí ba cheart a bheith comhoiriúnach leis na hardáin a úsáidtear sna scoileanna ar fad (m.sh. Google, Microsoft, Apple) agus dúshláin a bhaineann leis an oiliúint ábhartha, forbairt ghairmiúil agus le bogearraí a nuashonrú. Mar sin féin, in ainneoin na ndúshlán seo, thángthas ar chomhaontú maidir leis an ngá chun gnéithe de theicneolaíocht dhigiteach agus de chuntais ríomhairithe a thabhairt isteach den chuid is mó.

### Pleanáil i gcomhair teagaisc agus foghlama

Léirigh gach rannpháirtí sna fócasghrúpaí imní agus frustrachas maidir leis an réimse leathan cuntas agus cineálacha cur chuige atá leagtha amach sa siollabas reatha agus bhraith siad nach leor an 180 uair an chloig a chuirtear ar fáil. In go leor cásanna, d'fhág sé seo go ndearna na múinteoirí cinntí pleanála bunaithe ar na roghanna atá ar fáil don scoláire sa scrúdú deiridh agus d'fhág sé freisin gur bheachtaigh na múinteoirí an réimse cuntas a ndéantar staidéar orthu lena chinntiú go bhfuil dóthain ama ag an scoláire páirt a ghlacadh sna scileanna agus iad a fhorbairt chun an cuntas a chur i gcrích. Cheap an chuid is mó den ghrúpa go dtabharfadh sé seo aghaidh ar dhearadh na sonraíochta nua agus go ndéanfaí machnamh dá réir ar an réamhfhoghlaim a fuair an scoláire sa tsraith shóisearach agus ar athruithe sa chuntasaíocht agus i gcaighdeáin tionscail mar a pléadh thuas.

Léirigh an scoláire a ghlac páirt sna fócasghrúpaí gurbh fhearr leo cuntais 'a dhéanamh' agus oibriú ar fhigiúirí a chur isteach agus ríomhanna a chur i gcrích, agus chreid an chuid is mó de na rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach an scil seo a shealbhú, agus nuair a sealbhaíodh í tugadh braistint mhuiníne agus féinmhuiníne maidir lena gcumas san ábhar. D'aontaigh formhór na rannpháirtithe freisin gur scileanna tábhachtacha iad an cumas chun cuntais a anailísiú, feidhmíocht a mheas agus bearta éagsúla a mholadh, ach gur scileanna iad seo a thógann am agus taithí lena bhforbairt. Ceapadh gur gné an-spéisiúil í seo de Chuntasaíocht agus gur gné a bhí níos luachmhaire ná gnéithe eile de theoiric na cuntasaíochta.

### Mealltacht an ábhair

Léirigh na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí roinnt imní faoi líon athraitheach scoláirí ag roghnú Cuntasaíochta mar ábhar dá nArdteistiméireacht. I roinnt cásanna, bhraith na múinteoirí gur mó suime a chuir an scoláire i nGnó mar ábhar Ardteistiméireachta mar gur chreid siad gur bhraith an scoláire gur theastaigh tacar sainscileanna ar leith i gCuntasaíocht. Is iomaí scoláire a airíonn go gcaithfidh duine a bheith 'go maith ag matamaitic' ionas go n-éireoidh duine go maith i gCuntasaíocht. Bhraith an scoláire gur sainábhar í Cuntasaíocht agus roghnaigh rannpháirtithe an fhócasghrúpa Cuntasaíocht de bharr duine muinteartha a bheith ag obair nó ag staidéar i réimse an airgeadais; a ngairm-mhian phearsanta; nó a gcreideamh ina gcumas chun feidhmiú go maith san ábhar i gcomparáid le hábhar bunaithe ar theoiricí amhail Gnó na hArdteistiméireachta. Bhraith roinnt múinteoirí nach bhfuair an scoláire tuiscint iomlán de Chuntasaíocht mar ábhar ó bheith ag staidéar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus mar sin, ní raibh sé ar an eolas faoin méid a bheith i gceist san ábhar ag an Ardteistiméireacht.

Bhíothas ag súil go ndéanfaí machnamh sa mheitheal forbartha ar an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht nua feabhas a chur ar mhealltacht na Cuntasaíochta mar rogha don Ardteistiméireacht agus go bhféadfadh tabhairt isteach na teicneolaíochta digití cuidiú le feabhas a chur ar dhearcthaí an scoláire ar an ábhar.

**Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise:**
Bhí go leor plé ann maidir le tabhairt isteach na Comhpháirte Measúnaithe Breise agus léirigh go leor múinteoirí imní maidir leis an ualú íosta de 40%. Le linn na bhfócasghrúpaí, rinne na múinteoirí agus na scoláire plé ar na formáidí féideartha don Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise. Breathnaíodh ar an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise mar bhealach féideartha chun measúnú a dhéanamh ar scileanna cuntasaíochta digiteacha agus ar chumas an scoláire chun cuntais a chur i gcrích i bhformáid dhigiteach, ach léiríodh roinnt imní faoi bhainistíocht ina leith agus faoin gcaoi is fearr chun an obair a fhíordheimhniú mar obair a rinne an scoláire féin chomh maith le hinbhainistitheacht agus ábhair imní bhainteacha eile a pléadh roimhe seo. Rinne go leor de na múinteoirí machnamh ar a n-eispéiris phearsanta féin ar mheasúnú dá leithéid ag an tríú leibhéal, agus cheap siad go mbeadh sé dúshlánach comhpháirt a fhorbairt nach mbeadh intuartha le himeacht aimsire. Moladh úsáid fhéideartha as cás-staidéir leis an scoláire ach b'fhéidir go bhfaigheadh sé an cás-staidéar roimh ré sula gcríochnóidh sé an measúnú go digiteach faoi choinníollacha scrúdaithe. Bhí comhaontú mór ann idir na rannpháirtithe go dtabharfaí an Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise deis don scoláire taithí a fháil ar chuntasaíocht ar bhealach níos barántúla ná mar atá fáil faoi láthair. Is iad na múinteoirí, an scoláire agus na ceannairí scoile a ghlac páirt sna fócasghrúpaí a chuir fáilte den chuid is mó roimh an bhféidearthacht don scoláire a fhoghlaim a léiriú ar bhealach atá á éascú ag an scrúdú ceann cúrsa, ach léirigh siad imní faoi ualach oibre an scoláire mar a mhéadaítear líon na gComhpháirteanna Measúnaithe Breise ar fud na n-ábhar ar fad.

## Achoimre Roinne

- Dhírigh léargais a fuarthas ó na cuairteanna scoile ar dhul chun cinn an scoláire, ailíniú le cineálacha cur chuige agus cleachtais reatha maidir le cuntasaíocht, réimse leathan na foghlama de chuid an scoláire atá leagtha amach sa siollabas reatha, an gá le mealltacht an ábhair a mhéadú agus an poitéinseal do Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Luaigh na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe go gcaithfeadh dearadh na sonraíochta nua machnamh a dhéanamh ar na gnéithe d'fhoghlaim airgeadais a ndéantar staidéar orthu mar chuid de churaclam Staidéar Gnó na sraithe sóisearaí agus é seo a chur san áireamh agus scóip na sonraíochta nua á hiniúchadh.
- Thug gach scoláire sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe le fios go raibh gá leis an tsonraíocht nua a bheith ailínithe leis na caighdeáin chuntasaíochta, cineálacha cur chuige, agus reachtaíocht reatha lena chinntiú go bhfuil foghlaim an scoláire ailínithe leis na caighdeáin chuí.
- Bheadh sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an deis seo le aghaidh athfhorbairt na Cuntasaíochta deis eile ar fáil chun mealltacht an ábhair a dhaingniú agus a leathnú.
- Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar dhearadh na Comhpháirte Measúnaithe Breise lena chinntiú go bhfuil sí inbhainistithe ach go dtugann sí an deis don scoláire fós réimse foghlama a léiriú nach ndéantar measúnú go fóill uirthi sa scrúdú deiridh.

# 4. Treochtaí idirnáisiúnta in oideachas Cuntasaíochta meánscoile sinsearaí

Déantar machnamh sa chuid seo ar an tírdhreach idirnáisiúnta le haghaidh foghlama meánscoile sinsearaí i gCuntasaíocht nó i bhfoghlaim ábhartha. Léiríonn athbhreithniú ar chuntasaíocht meánscoile sinsearaí i roinnt dlínsí: Iarthar na hAstráile, Singeapór, Albain, agus Ontario, léiríonn sé na príomhlimistéir staidéir laistigh de na curaclaim ar fud na cruinne agus cuireann sé roinnt peirspictíochtaí ar fáil ar struchtúir curaclaim cuntasaíochta sa mheánscoil shinsearach chomh maith le cuir chuige maidir le measúnú. Roghnaíodh na dlínsí seo de bharr go gcuireann siad an curaclam ar fáil trí Bhéarla agus cuireann siad trí cinn acu sonraíocht meánscoile sinsearaí a bhaineann le cuntasaíocht ar fáil freisin. Cuireann an ceathrú ceann cur chuige malartach ar fáil, agus Cuntasaíocht á comhtháthú in ábhar uileghabhálach eile.

## Iarthar na hAstráile

### Cuntasaíocht agus Airgeadas

Is féidir leis an scoláire in Iarthar na hAstráile staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht agus Airgeadas, Cúrsa Rangú Iontrála Treasaí na hAstráile ATAR (Australian Tertiary Admission Rank) sna blianta 11 agus 12 mar chuid dá dTeastas Oideachais Iarthar Astráile *Western Australia Certificate of Education (WACE)*. Dírítear sa chúrsa seo ar thuiscint airgeadais agus tá sé mar aidhm aige an t-eolas, an tuiscint agus réimse scileanna a chur ar fáil don scoláire, a chuireann ar a chumas breithiúnais airgeadais iontaofa a dhéanamh. Deartar an cúrsa chun baint amach na gceithre thoradh a leanas a éascú:

- Toradh 1: Tuiscint Airgeadais Choincheapúil
- Toradh 2: Gnéithe a imríonn tionchar ar Chinntí Airgeadais
- Toradh 3: Córais Airgeadais
- Toradh 4: Anailís agus Léirmhíniú an Eolais Airgeadais.

Tá an cúrsa eagraithe mar shiollabas Bhliain 11 agus siollabas Bhliain 12. Tá dhá aonad ag siollabas Bhliain 11. Is é fócas aonad 1 ná cuntasaíocht iontrála dúbailte do ghnólachtaí beaga. Is é fócas aonad 2 ná cuntasaíocht fabhraithe. Is é an t-am measta do gach aonad ná 55 uair an chloig d'am i mbun ranga in aghaidh an aonaid. Tá dhá aonad i siollabas Bhliain 12 (Aonad 3 agus Aonad 4). Is é fócas aonad 3 ná bainistíocht idirnáisiúnta do ghnó. Is é fócas aonad 4 ná comhlachtaí tuarascála san Astráil agus an chaoi a rialaíonn Acht na gCorparáidí 2001 iad.

### Measúnú

Déantar gnóthachtáil an scoláire a mheas ag deireadh Bhliain 11 agus déantar í a mheas arís ag deireadh Bhliain 12. Dearann na múinteoirí tascanna measúnaithe scoilbhunaithe chun freastal ar riachtanais an scoláire. I mBliain 11, sanntar 50% do thrialacha, agus d'fhéadfadh go gcuimseofaí leis na formáidí sin, freagairt scríofa nó ó bhéal do na cásanna, cás-staidéir, ullmhú na ráiteas airgeadais, moltaí, tuarascálacha, nó aon fhoirm eile a léiríonn anailís chriticiúil agus ullmhúchán an eolais cuntasaíochta agus airgeadais. Sanntar 10% do thionscadail, ina ndéanann an scoláire scrúdú ar shaincheisteanna cuntasaíochta agus airgeadas. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis na formáidí: ceisteanna scafláilte, tuarascálacha foirmiúla, láithreoireachtaí scríofa nó láithreoireachtaí ilmheánacha nó meascán acu seo. Is féidir leis an scoláire oibriú as a stuaim féin nó mar chuid de ghrúpa don tionscadal seo. Sanntar 40% don scrúdú, ag deireadh an tseimeastair

go hiondúil. Sanntar ualú den sórt céanna i mBliain 12: 50% do thrialacha, 10% do thionscadal agus 40% do scrúdú deiridh.

## Albain

Ag leibhéal na meánscoile sinsearaí tugann scoláire na hAlban faoi Theastas Cáilíochtaí na hAlban (TCA) is cáilíochtaí iad seo a chuireann Údarás Cáilíochtaí na hAlban ar fáil (ÚCA). Is iondúil go nglacann formhór na scoláirí le National 4/5 agus le Cáilíochtaí níos airde (Leibhéal 6). B'ionann Cuntasaíocht na Sraithe Sinsearaí agus Cuntasaíocht Ardleibhéil (Leibhéal 6) agus rinneadh athbhreithniú ar shonraíocht an chúrsa seo i mí Bealtaine 2023. Ba cheart go mbeadh an cúrsa Cuntasaíochta National 5 bainte amach ag na hiarrthóirí nó cáilíochtaí coibhéiseacha agus/nó taithí sula gcuirfidh siad tús leis an gcúrsa seo.

### Cuntasaíocht Ardleibhéil

Cuidíonn sonraíocht na Cuntasaíochta Ardleibhéil leis an scoláire tuiscint a fháil ar eolas airgeadais agus úsáid a bhaint as an eolas céanna. Ullmhaíonn siad ráitis chuntasaíochta, agus déanann siad feidhmíocht airgeadais an heagraíochta a anailísiú, a léirmhíniú, agus a thuairisciú. Príomhghné den chúrsa seo ná uimhearthacht agus scileanna smaointeoireachta a fhorbairt. Cuimsítear dhá réimse staidéir leis an gcúrsa, Cuntasaíocht Airgeadais agus Cuntasaíocht Bhainistíochta. Forbraíonn an scoláire a thuiscint ar an gcaoi chun eolas cuntasaíochta airgeadais gnách agus casta i gCuntasaíocht Airgeadais. Foghlaimíonn sé faoi rialacháin cuntasaíochta airgeadais agus cuireann siad i bhfeidhm iad i réimse struchtúr gnó. Cuimsítear an méid a leanas leis na hábhair a chlúdaítear i gCuntasaíocht Airgeadais:

- Ról na Cuntasaíochta Airgeadais
- Comhpháirtíocht
- Cuideachtaí Poiblí Teoranta
- Cuideachtaí Déantúsaíochta
- Ráitis Airgeadais Deiridh Tréimhse
- Anailís Ghnó

I gCuntasaíocht Bhainistíochta, forbraíonn an scoláire a thuiscint ar chuir chuige inmheánacha chuntasaíochta. Foghlaimíonn sé an chaoi chun eolas a ullmhú ach úsáid a bhaint as réimse teicnící cuntasaíochta gnácha agus casta. Cuimsítear an méid a leanas leis na hábhair a chlúdaítear i gcuntasaíocht bhainistíochta:

- Ról na Cuntasaíochta Bainistíochta
- Meastóireacht Fardail
- Anailís na bhForchostas
- Ráitis Costais Seirbhíse
- Costáil Próiseála
- Buiséadú
- Cinnteoireacht
- Breithmheas ar Infheistíocht
- Scarbhileoga (a mheasúnaítear ar fud cuntasaíocht bhainistíochta agus airgeadais).

Cuirtear béim sa tsonraíocht freisin ar úsáid na teicneolaíochta digití chun eolas cuntasaíochta a chur ar fáil agus a chur in iúl i réimse comhthéacsanna.

### Measúnú

Tá dhá chomhpháirt i gceist sa mheasúnú seo: páipéar ina bhfuil 120 masc (2 uair agus 30 nóiméad ar fhad) agus measúnú 60 marc (2 uair agus 30 nóiméad ar fhad). Is é an páipéar ceiste a thugann an deis don scoláire chun:

- eolas cuntasaíochta a roghnú chun ioncam, costais, agus brabús gnólachtaí a fháil amach i gcomhthéacsanna casta;
- ráitis chuntasaíochta a ullmhú ach úsáid a bhaint as teicnící ríomhaireachtúla agus leaganacha amach atá feiliúnach;
- eolas cuntasaíochta a ullmhú, a léirmhíniú, agus a anailísiú, a bhféadfadh cuid de a bheith casta;
- úsáid a bhaint as teicnící cuntasaíochta chun éascaíocht a dhéanamh ar chinnteoireacht;
- eolas agus tuiscint ar choincheapa agus ar theoiricí cuntasaíochta i gcomhthéacsanna nach bhfuil taithí aige orthu;
- measúnú a dhéanamh ar rath an ghnólachta ar bhonn an eolais cuntasaíochta;
- freagraí scríofa a thabhairt ar cheisteanna teoirice.

Tá na réimsí staidéir airgeadais agus cuntasaíochta bainisteoireachta sa mheasúnú 60 marc chomh maith le húsáid na teicneolaíochta digití agus is ionann sin agus 20% de na marcanna ar fad a dháiltear. Cuimsítear le gné na teicneolaíochta digití den mheasúnú, an scoláire ag obair le scarbhileog chun sonraí a chur isteach, foirmle chuí a roghnú agus a úsáid, feidhmeanna a fhormáidiú agus a phriontáil chun eolas a chur i láthair agus obair chuntasaíochta a chur i gcrích go cruinn. Oibríonn an scoláire trí shraith tascanna comhtháite chun eolas cuntasaíochta agus ráitis airgeadais a ullmhú. Déanann sé ríomhanna, déanann siad comparáid agus anailís ar eolas cuntasaíochta, déanann sé cinntí bunaithe ar a anailís agus cuireann sé a thorthaí i láthair i dtuarascáil. Úsáideann an scoláire scarbhileog chun ceann de na tascanna a chur i gcrích laistigh den mheasúnú – cuireann an SQA comhad leictreonach ar fáil dó seo. Cuireann an SQA fógraíocht faoi na príomhábhair a chlúdaítear sa mheasúnú ar fáil do mhúinteoirí agus do léachtóirí roimh ré.

## Singeapór

Cruthaíonn an Aireacht Oideachais (AO) beartais oideachais agus cuireann siad i bhfeidhm iad maidir le struchtúr oideachais, curaclam, oideolaíocht, agus measúnacht i Singeapór. Tá dhá chúrsa ar fáil ag leibhéal na meánscoile sinsearaí: An Mearchúrsa (Express Course) agus an Gnáthchúrsa (Acadúil). Sa chóras oideachais Singeapórach, deartar Inniúlachtaí an 21ú hAois atá ag teacht chun cinn chun tacú leis an scoláire ar scoil agus ina diaidh, le linn dó a bheith ag maireachtáil, ag foghlaim, agus ag obair i dtimpeallachtaí atá ag athrú go fíorthapa, atá digitithe go mór, agus atá idircheangailte. Tá trí réimse leathana laistigh de na hinniúlachtaí seo:

- Smaointeoireacht Chriticiúil, Oiriúnaitheach, agus Airgtheach;
- Scileanna Cumarsáide, Comhoibrithe, agus Eolais;
- Litearthacht Shibhialta, Dhomhanda agus Thras-Chultúrtha.

Déantar iad seo a chomhtháthú ar fud na gcuraclam ar fad lena n-áirítear *Prionsabail na gCuntas*, is ionann iad sin agus an fhoghlaim a bhaineann le cuntasaíocht don scoláire.

### Prionsabail na gCuntas

Tá Prionsabail na gCuntas ar fáil le staidéar ag leibhéal na meánscoile sinsearaí mar mhearchúrsa, nó mar Ghnáthchúrsa (Acadúil). Chomh maith leis sin, is é an siollabas a leagann béim ar

Inniúlachtaí an 21ú hAois go mór mór smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna cumarsáide nuair a dhéanann an scoláire anailísiú ar eolas, nuair a dhéanann sé cinntí bunaithe air agus nuair a chuireann sé a chinntí i láthair (leathanach 4). Is iad na siollabais darb ainm Prionsabail na gCuntas a bhfuil sé d'aidhm acu eolas agus scileanna an scoláire a fhorbairt chun eolas cuntasaíochta agus eolas nach mbaineann le cuntasaíocht a bhaineann leis an ngnólacht a ullmhú, a chur in iúl agus a úsáid le haghaidh cinnteoireachta. Tá an t-ábhar bunaithe ar thrí phríomhthuiscint agus ábhair éagsúla a chlúdach i gcás gach tuisceana mar atá leagtha amach thíos.

**Príomhthuiscint 1:** Úsáidtear eolas cuntasaíochta agus eolas nach mbaineann le cuntasaíocht chun tacú le cinnteoireacht agus chun cinnteoireacht a éascú

1.1 Róil na cuntasaíochta agus na gcuntasóirí
1.2 Páirtithe leasmhara agus a riachtanais chinnteoireachta
1.3 Anailís ar na ráitis airgeadais

**Príomhthuiscint 2:** Is teanga í an chuntasaíocht a úsáidtear chun gníomhaíochtaí gnó a léiriú
2.1 Cineálacha gnólachtaí
2.2 Foirmeacha úinéireachta gnó
2.3 Gnéithe de ráitis airgeadais
2.4 Cothromóid chuntasaíochta
2.5 Ráitis airgeadais
2.6 Ioncam agus caiteachas
2.7 Sócmhainní
2.8 Dliteanais
2.9 Gnáthscaireanna
2.10 Ceartú na n-earráidí

**Príomhthuiscint 3:** Is córas faisnéise í cuntasaíocht chun gníomhaíochtaí gnó a mheas.

3.1 Teoiricí cuntasaíochta
3.2 Córas faisnéise cuntasaíochta agus timthriall cuntasaíochta
3.3 Tuiscint a fháil ar chóras taifeadta na hiontrála dúbailte
3.4 Rialúcháin inmheánacha

## Measúnú

Tá dhá scéim measúnachta ann, ceann le haghaidh Gnáthleibhéil agus ceann le haghaidh Leibhéal Comónta (Acadúil). Cuimsítear dhá scrúdpháipéar leis an bpéire acu, maireann Páipéar 1 uair an chloig agus is ionann é agus 40% (40 marc) de ghrád iomlán an ábhair. Is páipéar scríofa atá ann ina bhfreagraíonn an scoláire trí go ceithre cheist atá struchtúrtha go riachtanach. Maireann Páipéar 2 dhá uair a chloig ar fad agus is ionann é agus 60% (60 marc) de ghrád iomlán an ábhair. Is páipéar scríofa atá ann ina bhfreagraíonn an scoláire ceithre cheist atá struchtúrtha go riachtanach. Ní mór don iarrthóir ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh ceist amháin a bhfuil 20 masc ag gabháil léi do ghnólacht do bhliain airgeadais amháin (formáid atá cosúil le Ceist 1 i gCuntasaíocht na hArdteistiméireachta). Tá ceisteanna bunaithe ar chásanna i bPáipéar 2 freisin ina bhfuil iallach ar an scoláire cinneadh a dhéanamh idir dhá rogha fhéideartha i gcomhthéacs gnólachta dhlítheanaigh. Cuimseofar eolas cuntasaíochta agus eolas nach mbaineann le cuntasaíocht le gach cás, agus beifear ag súil go n-úsáidfidh an scoláire an t-eolas céanna chun tacú lena chinneadh.

## Ontario

Tá an Aireacht Oideachais freagrach as oideachas a chur ar fáil in Ontario ón Naíscoil go dtí Grád 12. Déanann siad maoirseacht ar bheartais agus cuireann siad beartais i bhfeidhm don Oifig um Cháilíocht agus um Chuntasacht san Oideachas, a riarann measúnuithe cúige chun cuidiú le feabhas a chur ar fhoghlaim an scoláire i léitheoireacht, scríbhneoireacht agus matamaitic. Tá measúnú deiridh ag na cúrsaí in Ontario dar luach 30%, ach is iad na ranna aonair laistigh den scoil a eagraíonn na measúnuithe seo. Níl siad caighdeánaithe ar fud an chúige.

### Staidéar Gnó (Rogha chun Cuntasaíocht a roghnú)

Is é is cúis le spriocanna Churaclam Ontario Ghrád 11 agus 12 i Staidéar Gnó 2006 ná chun an scoláire a chumasú chun tuiscint a fháil ar na coincheapa gnó trí staidéar a dhéanamh ar ábhair amhail cuntasaíocht, fiontraíocht, teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, gnó idirnáisiúnta, margaíocht, agus ceannaireacht ghnó. Tá Cuntasaíocht ar cheann de na cúrsaí atá ar fáil le roghnú laistigh de Staidéar Gnó i nGrád 11 agus 12. I nGrád 11, déanann an scoláire staidéar ar Bhunrudaí Cuntasaíochta Airgeadais agus Riachtanais Chuntasaíochta. I nGrád 12, déanann an scoláire staidéar ar Phrionsabail Cuntasaíochta Airgeadais do Ghnólacht Beag. Chun staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht Ghrád 12, nó mór don scoláire Cuntasaíocht Ghrád 11 a bheith críochnaithe aige. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na snáitheanna a ndearnadh staidéar orthu ar feadh an dá bhliain mar a leanas:

**Bunrudaí Cuntasaíochta Airgeadais, Grád 11**

- Bunchleachtais Chuntasaíochta
- Ardchleachtais Chuntasaíochta
- Rialú Inmheánach, Anailís Airgeadais, agus Cinnteoireacht
- Cúrsaí Eitice, Tionchar na Teicneolaíochta, agus Slite Beatha

**Bunriachtanais Chuntasaíochta, Grád 11**

- Bunrudaí na Cuntasaíochta le haghaidh Gnó
- An Timthriall Cuntasaíochta
- Rialú Inmheánach, Baincéireacht, agus Cuntasaíocht Ríomhairithe
- Cinnteoireacht, Cúrsaí Eitice, agus Slite Beatha

**Prionsabail Cuntasaíochta Airgeadais, Grád 12**

- An Timthriall Cuntasaíochta
- Cleachtais Chuntasaíochta le haghaidh Sócmhainní
- Comhpháirtíochtaí agus Corparáidí
- Anailís Airgeadais agus Cinnteoireacht

**Cuntasaíocht le haghaidh Gnólacht Beag, Grád 12**

- Gnólachtaí Seirbhíse agus Marsantaithe
- Cleachtais Chuntasaíochta
- Sócmhainní Seasta, Párolla, agus Cáin Ioncaim
- Saincheisteanna Eitice, Buiséid, agus Forbairt Gnó

### Measúnú

Déantar cinneadh maidir leis an ngrád deiridh bunaithe ar mheascán de mheasúnacht leanúnach agus scrúdú deiridh. Tá seachtó faoin gcéad den ghrád sin bunaithe ar na measúnuithe a rinneadh

le linn an chúrsa. Tá tríocha faoin gcéad den ghrád bunaithe ar mheasúnú deiridh agus d'fhéadfadh go mbeadh scrúdú, taibhiú, aiste agus/nó modh measúnaithe eile atá oiriúnach d'inneachar an chúrsa agus is féidir a dhéanamh ag deireadh an chúrsa, a bheith mar chuid den mheasúnú deiridh seo.

## Achoimre Roinne

- Cuireann roinnt dlínsí Idirnáisiúnta sonraíochtaí aonair na meánscoile sinsearaí a bhaineann le cuntasaíocht ar fáil ach úsáid a bhaint as cur chuige cosúil leis an gcaoi a bhfreastalaítear ar Chuntasaíocht laistigh de chóras oideachais na hÉireann ag leibhéal na meánscoile sinsearaí, ach i ndlínsí eile, déantar staidéar na cuntasaíochta ag leibhéal na meánscoile sinsearaí a chomhtháthú i réimsí ábhair uileghabhálacha eile.
- I roinnt dlínsí lena n-áirítear an Astráil Thiar, cuirtear sonraíocht ar leith ar fáil do mhúinteoirí Cuntasaíochta agus Airgeadais Bhliain 11 agus Bhliain 12 agus déanann na múinteoirí céanna measúnú ar an scoláire ag deireadh na Bhliain 11 agus 12.
- Díríonn roinnt dlínsí, amhail Albain, ar an teicneolaíocht dhigiteach agus baineann marcanna ar leith le húsáid na teicneolaíochta digití sa chuid taisc den mheasúnú.
- Is suntasach an díriú ar Inniúlachtaí an 21ú hAois go háirithe smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna cumarsáide sna sonraíochtaí cuntasaíochta agus airgeadais i roinnt dlínsí amhail Singeapór.
- Maidir leis na dlínsí ar fad, is minic a úsáidtear cothromaíocht de mheasúnú inmheánach agus seachtrach chomh maith le réimse modhanna measúnaithe.

# 5. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

Leagann an chuid seo roinnt ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu agus sonraíocht nua le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta á forbairt. Eascraíonn siad seo as nádúr an ábhair é sin, taithí na múinteoirí agus an scoláire maidir lena rannpháirtíocht leis an siollabas reatha agus baineann siad úsáid as na téamaí a eascraíonn as na codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo.

## Scóip an ábhair:

Cuireann teacht chun cinn cleachtais cuntasaíochta comhthéacs spéisiúil ar fáil chun an tsonraíocht nua a athfhorbairt, ach ní mór machnamh cúramach a dhéanamh maidir leis an gcineál foghlama is ábhartha don scoláire ag an aois seo agus ag an gcéim foghlama seo laistigh de réimse leathan na cuntasaíochta. Beidh sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar réamhfhoghlaim an scoláire a rinne staidéar ar Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus ar an réimse conairí a bhaineann le hairgeadas le haghaidh dul chun cinn atá ar fáil don scoláire. Nuair a dhéantar machnamh ar thírdhreach leathan na cuntasaíochta agus an airgeadais sna codanna roimhe seo sa pháipéar seo, léirítear gur gá leis an bpróiseas forbartha iniúchadh a dhéanamh ar na réimsí is suntasaí, lena n-áirítear tuairisciú airgeadais, iniúchadh agus cánachas agus tuiscint leathan ar an gcaoi a bhfeidhmíonn eagraíochtaí. Is iad na dúshláin a sainaithníodh i roinnt cuntas ginearálta agus speisialtóra laistigh den siollabas reatha a thugann le fios go dteastaíonn breithniúchán ar réimse na dtaifeadtaí cuntasaíochta agus nuair is ábhartha, cuntais speisialtóra a ndíreofar orthu ar fud na dtorthaí foghlama. Beag beann ar réimse na gcuntas a dhéantar a iniúchadh laistigh den tsonraíocht athfhorbartha, ba cheart don ghrúpa forbartha machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht deiseanna a chur ar fáil don scoláire chun an t-eolas agus na scileanna a fhaightear i réimse comhthéacsanna a chur i bhfeidhm ar fud sonraíocht iomlán ach a bheith aireach ar an 180 uair an chloig d'am ranga.

## Forbairt na rialála agus na gcaighdeán

Forbraíodh rialachán agus caighdeán cuntasaíochta go suntasach ó thabhairt isteach an tsiollabais reatha. Is í an Chomhairle Tuarascála Airgeadais sa RA, bunaitheoir caighdeán na cuntasaíochta d'Éirinn agus don RA agus beidh ar an tsraith reatha de chaighdeáin chuntasaíochta na Comhairle Tuarascála Airgeadais an RA agus na hÉireann an tsonraíocht nua a threorú, ina bhfuil na caighdeáin tuarascála airgeadais[1]. Is féidir na caighdeáin seo agus athrú ar bith a ndéantar orthu a

[1] Is iad na Caighdeáin Tuarascála Airgeadais reatha ábhartha ná FRS 100 Cur i bhFeidhm na Riachtanas Tuarascála Airgeadais, FRS 101 Creat um Nochtadh Laghdaithe, FRS 102 an Caighdeán Tuarascála Airgeadais infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, FRS 103 Conarthaí Árachais, FRS 104 Tuairisciú Airgeadais Eatramhach agus FRS 105 an Caighdeán Tuarascála Airgeadais infheidhme do réimeas na micri-eintiteas.

fheiceáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Tuarascála Airgeadais (FRS). Maidir le dearadh na sonraíochta nua, beidh sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar na gcaighdeáin chéanna agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí na torthaí foghlama a dhéanamh ar bhealach inar féidir athruithe agus rialacháin a thabhairt isteach amach anseo lena chinntiú go mbeidh foghlaim an scoláire suas chun dáta, ábhartha agus infheidhme tar éis na scoile.

## Forbairt na bpríomhinniúlachtaí

Beidh príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí ina n-ábhar machnaimh tábhachtach maidir le sraith na dtorthaí foghlama a fhorbairt don scoláire Cuntasaíochta. Beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na príomhinniúlachtaí is ábhartha i staidéar na cuntasaíochta agus ar an gcaoi ar féidir leis an ábhar feabhas a chur ar fhorbairt a oiread príomhinniúlachtaí agus is féidir. Forbraíodh gairm na cuntasaíochta, agus ról an ghairmí cuntasaíochta go suntasach le 30 bliain anuas. Tá an cliant níos baintí leis an ngairm, agus mar sin, tá an gairmí cuntasaíochta tar éis éagsúlú a dhéanamh chun táirgí agus luach a chur ar fáil do chliaint. Tugann an próiseas athfhorbartha deis freisin chun machnamh a dhéanamh an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht feabhas a chur ar uimhearthacht an scoláire chomh maith le hinniúlacht airgeadais agus ghnó araon.

## Cúrsaí eitice agus inbhuanaitheacht:

Ó tharla go bhfuil méadú tagtha ar ghrinnscrúdú, freagracht agus ionchais maidir le rialachas, tá béim athnuaite ar chúrsaí eitice i mbainistíocht agus i dtuairisciú airgeadais. Ní mór do na cuntasóirí cloí le hardchaighdeáin iompair agus gníomhú ar son leas an phobail ina gcuid oibre agus cuirtear deis ar fáil sa tsonraíocht athfhorbartha chun tuiscint dhomhain ar chúrsaí eitice a chothú i gcuntasaíocht agus ar an bhfuil i gceist le bheith eiticiúil do na daoine a oibríonn i gcuntasaíocht agus airgeadas. D'fhéadfadh an cód eitic atá i bhfeidhm laistigh de gach ceann de na ceithre phríomhchomhlacht cuntasaíochta in Éirinn a bheith ina shlat tomhais áisiúil le linn do shonraíocht nua a bheith á forbairt agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi is fearr lena chinntiú go bhfitear cleachtas eiticiúil ar fud na foghlama sa tsonraíocht. Tá tionchar inbhuanaitheachta, sochaíoch agus timpeallachta ag teacht chun cinn mar ábhar machnaimh tábhachtach i dtuairisciú ar fheidhmíocht agus beidh ar an bpróiseas forbartha machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht athfhorbartha feasacht an scoláire a mhéadú ar an ngné foghlama seo atá réasúnta nua.

## Teicneolaíocht dhigiteach agus ról an TF i gcleachtas cuntasaíochta

Léiríodh i gcodanna den pháipéar roimhe seo suntas na teicneolaíochta digití i gcleachtas cuntasaíochta agus an chaoi ar athmhúnlaigh réimse bogearraí agus feidhmchlár an chaoi a n-oibríonn gairmithe cuntasaíochta agus an chaoi ar imir siad tionchar ar na gairmithe céanna. Maidir le forbraíocht na sonraíochta, beidh sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar ról an TF. Ba cheart go gcuimseofaí leis seo, machnamh ar an gcaoi is fearr ar féidir le scoláire Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta tuiscint a fhorbairt ar phoitéinseal na teicneolaíochta i gcuntasaíocht, agus an chaoi a bhféadfadh an scoláire na scileanna ábhartha a fhorbairt agus na scileanna seo a chur i bhfeidhm go praiticiúil le linn dó tuiscint a léiriú ar chroíphrionsabail na cuntasaíochta. Sa phlé seo, beidh gá le fiosrú a dhéanamh ar phoitéinseal na bhfeidhmchlár scarbhileoige agus na mbogearraí speisialtóra agus le machnamh cúramach a dhéanamh ar an bhfeidhmiú TF nó bogearraí is feiliúnaí don aois seo agus don chéim foghlama ach a bheith san airdeall ar inbhainistitheacht, agus ar inniúlacht dhigiteach agus scileanna digiteacha an scoláire.

## Measúnú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Nuair a dhéanfar athfhorbairt ar an tsraith shinsearach ó 2022 ar aghaidh cuirfear dara comhpháirt measúnaithe i bhfeidhm in ábhair sa tsraith shinsearach a bheidh ualú íosta de 40% leis. Is athrú suntasach é seo i gcomhthéacs Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta mar mheasúnú ar obair an scoláire go traidisiúnta a bhí bunaithe ar scrúdú deiridh amháin. Beidh gá le machnamh a dhéanamh ar nádúr na comhpháirte seo agus ar an gcaoi a bhféadfadh sé ligean do mheasúnú a dhéanamh ar shraith inniúlachtaí nach féidir measúnú a dhéanamh orthu trí scrúdú scríofa ceann cúrsa. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo fiosrú a dhéanamh ar phoitéinseal na teicneolaíochta digití i measúnú dá leithéid agus/nó úsáid cur chuige bunaithe ar chás-staidéar chun spreagadh a thabhairt le haghaidh rannpháirtíocht airgeadais bhreise.

## Achoimre Roinne

- Tá athrú suntasach tagtha ar ghairm na cuntasaíochta ó tugadh isteach an siollabas athbhreithnithe. Ó tharla go bhfuil scóip an ábhair níos leithne, beidh gá le machnamh a dhéanamh ar réimse foghlama le haghaidh ionchuimsithe sa tsonraíocht nua ach a bheith san airdeall freisin ar an 180 uair an chloig d'am teagmhála agus ionchuimsiú na Comhpháirte Measúnaithe Breise.
- Caithfear machnamh a dhéanamh ar shraith caighdeán cuntasaíochta na Comhairle Tuarascála Airgeadais an RA agus na hÉireann sa tsonraíocht nua agus fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an tsonraíocht a chur in oiriúint d'athruithe sa réimse seo amach anseo maidir lena cur i láthair.
- Ba cheart go gcuirfear deis ar fáil i gcuntasaíocht na sraithe sinsearaí don scoláire chun réimse leathan inniúlachtaí a fhorbairt a bhaineann le cleachtas na cuntasaíochta agus ba cheart go gcothódh sé tuiscint níos doimhne ar chúrsaí eitice nuair is ábhartha, Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas.
- Tá digitiú ar cheann de na cúiseanna is mó le hathrú i ngairm na cuntasaíochta. Ba cheart go ndéanfaí machnamh sa tsonraíocht nua ar na cineálacha teicneolaíochta digití is mó a chuirfeadh le luach an teagaisc agus na foghlama i seomra ranga na cuntasaíochta agus ar an gcaoi a bhféadfadh an tsonraíocht nua deiseanna ar fáil don scoláire úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun cuntais a ullmhú agus a anailísiú.

# Treoir don Athbhreithniú ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin tasc chun sonraíocht an churaclaim a fhorbairt le haghaidh Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn agus faomhann Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach leagtha amach thíos.

Dearadh an treoir chun an bunús a chur ar fáil chun sonraíocht churaclaim Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta a athfhorbairt. Cé go bhfaightear an treoir ó phríomh-léargais agus ó cheisteanna le meas a sainaithníodh sna codanna roimhe seo sa pháipéar seo, tá sé faoi threoir na bparaiméadar le haghaidh dhearadh na socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 2 (Aguisín 1).

Cuirfear san áireamh in athfhorbairt na sonraíochta nua Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta taighde reatha agus forbairtí i réimse na cuntasaíochta agus an airgeadais. Beidh an tsonraíocht scoláire-láraithe i gcónaí agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Ailíneoidh an tsonraíocht leis an teimpléad, arna aontú ag an gComhairle, le haghaidh shonraíochtaí an churaclaim mar atá leagtha amach i bhFoirm theicniúil shonraíochtaí an churaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha (CNCM, 2023).

Leabófar Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí sna torthaí foghlama. Beidh Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta ar fáil ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal araon. Dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad. Cuirfear an fhorbairt i gcrích sa dara ráithe de 2025.

Go sonrach, déanfaidh an nuashonrú ar an tsonraíocht breithniú ar na nithe seo a leanas agus tabharfar aghaidh orthu:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí agus leis an bhfís atá ag oideachas na sraithe sinsearaí.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar agus chun cur léi sa tsraith shóisearach, san Idirbhliain agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile chom maith le foghlaim as seo amach sa seol, i staidéar, i gcúrsaí fiontraíochta, i dtraenáil, in ardoideachas, i bprintíseachtaí, i dtréimhsí oiliúna, agus sa saol oibre.
- An bunús atá le staidéar a dhéanamh ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta, rud a fhágann go bhfuil sí trédhearcach agus gur léir don scoláire, do mhúinteoirí, agus do thuismitheoirí cén chaoi chun an t-ábhar a dhéanamh níos taitneamhaí agus chun chur chun cinn a dhéanamh maidir le roghnú an ábhair.

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt réimse príomhinniúlachtaí lena n-áirítear na cinn a bhaineann le Cuntasaíocht amhail Smaointeoireacht agus fadhbanna a réiteach, Cumarsáid agus a Bheith Cruthaitheach, agus forbairt an réimse scileanna atá ábhartha don saol, obair, agus staidéar amach anseo.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus, fócas soiléir a bheith aici ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann an scoláire a eolas, a chuid scileanna, luachanna agus meonta.
- An chaoi chun socruithe measúnaithe atá ailínithe leis na paraiméadair a fhorbairt le haghaidh dhearadh na socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 2 (Aguisín 1).
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe.
- An chaoi chun teicneolaíocht a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm i múinteoireacht, foghlaim agus measúnú agus an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tuiscint an scoláire ar na teicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt mar uirlis le haghaidh cuntasaíochta chomh maith lena scileanna chun bogearraí nó feidhmchláir chuntasaíochta a úsáid.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht na caighdeáin reatha chuntasaíochta a léiriú agus a bhféadfadh sé fanacht freagrach d’athruithe rialúcháin amach anseo.
- An chaoi chun tuiscint agus léirthuiscint a fhorbairt ar thábhacht na gcúrsaí eitice i gcuntasaíocht agus ábharthacht Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais dá réir sin.
- An chaoi a bhféadfadh an tsonraíocht tacú le forbairt litearthacht chorparáideach agus airgeadais de chuid an scoláire.
- An chaoi a bhféadfadh an fhoghlaim atá leagtha amach sa tsonraíocht tacú le deiseanna don scoláire dul sa tóir ar réimse conairí cuntasaíochta agus a bhaineann le hairgeadas agus feabhas a chur ar mhealltacht an ábhair.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an bPáipéar Treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d’fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an bPáipéar Treorach.

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha a fhorbairt le haghaidh dhearadh na socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 2.

**Achoimre Fheidhmeach**

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú ar an 20 Meán Fómhair, 2023 faoin gcur chuige atá le cur i bhfeidhm maidir le tabhairt isteach na sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe lena n-áirítear an chaoi a dtabharfaí aghaidh ar mheasúnacht sna sonraíochtaí sin. Go sonrach, beidh comhpháirt mheasúnaithe ag gach ábhair chomh maith le scrúdú scríofa deiridh.
- Beidh luach de 40% de na marcanna ar fad atá ar fáil ag gabháil leis an gcomhpháirt mheasúnaithe seo.
- Beidh scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; is iondúil gurb ionann 60% agus na marcanna a thugtar don scrúdú scríofa,
- Go hiondúil, ba cheart go mbeadh dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile. Ach, d'fhéadfadh go mbeadh eisceachtaí ann ina leith seo atá bailí go fiú tar éis machnamh fairsing a dhéanamh ar ualach foriomlán an mheasúnaithe ar an scoláire.

**Réamhrá**

Leagtar amach na socruithe agus na paraiméadair uileghabhálacha a théann leis an measúnú sa doiciméad seo chun eolas a dhéanamh do dhearadh na sonraíochtaí do gach ábhar/mhodúl Thráinse 2. Is iad na hábhair/modúil sin:

- Cuntasaíocht
- Staidéar Foirgníochta
- Innealtóireacht
- Béarla
- Tíreolaíocht
- Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)
- Corpoideachas

Is í an obair leanúnach leis hábhair Thráinse 1 a dhéanann eolas don chomhairle seo agus leasófar í, mar is cuí, do thráinsí amach anseo a bhféadfadh cuntas a dhéanamh dá réimsí ábhair agus socruithe measúnaithe reatha.

Is iad na socruithe mar atá siad sonraithe seo, a léiríonn treoir an bheartais a d'eisigh an tAire Oideachais go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ag gach ábhar, go mbeidh siad i bhfoirm nach é scrúdú traidisiúnta scríofa, go mbeidh na comhpháirteanna céanna leagtha amach agus measúnaithe ag an CSS agus mar sin go mbeidh níos lú béime ar na scrúduithe deiridh i mí Meithimh den 6ú bliain.

Go sonrach, Is é/iad fógra(í) an Aire ar an 29 Márta, 2022 agus ina dhiaidh sin ar an 20 Meán Fómhair, 2023 a chuirtear le chéile na socruithe do gach comhpháirt mheasúnaithe mar atá

leagtha amach sa doiciméad seo. Bunaithe ar na tuiscintí a leanas, is iad na comhpháirteanna measúnaithe:

- nach mbeidh i bhfoirm an scrúdaithe scríofa deiridh.
- a bheidh á socrú agus á marcáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- a bheith faoi réir shocruithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit as a gcur i gcrích, a bhfíordheimhniú, agus a gcur isteach.

Maidir leis na socruithe atá leagtha amach thíos a fhorbairt, tá an bunús a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe a bheith ag gach ábhar. Is é an plé ar an taighde agus ar mheasúnú na litríochta níos ginearálta á choimisiúnú ag CNCM agus CSS a dhéanann eolas don bhunús seo. Ón obair seo, tá sé follasach go bhfuil an poitéinseal ag na comhpháirteanna seo chun:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin, **córas measúnaithe níos leithne** a chur ar fáil; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir glacadh leo mar 'léargas' den fhoghlaim agus d'fhéadfadh sé tarlú dá réir go mbeadh béim rómhór ar ullmhúchán do scrúduithe; is féidir le foirmeacha measúnaithe eile an poitéinseal chun an fhoghlaim chúng a laghdú trí mheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire níos fearr agus/nó níos ionchuimsithí ná scrúduithe scríofa leo féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil ar fáil go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacú le; agus feabhas a chur ar; thuiscint agus measúnú na múinteoirí ar **phríomhinniúlachtaí** trí chur le tuiscint níos fearr ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar eolas, scileanna, luachanna, agus meonta an scoláire.
- Deiseanna a chur ar fáil don scoláire agus do mhúinteoirí **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire,** borradh a chur faoi spreagadh an scoláire chun foghlama agus chun deiseanna a fheabhsú le haghaidh cleachtais fhoirmitheacha aiseolais.
- Réimse agus éagsúlacht an ndeiseanna measúnaithe a leathnú; **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** agus mar sin cur le laghdú nó scaipeadh an bhrú ar an scoláire.
- **Scileanna measúnaithe agus inniúlacht mheasúnaithe na múinteoirí** a fheabhsú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn múinteoirí leis an scoláire le linn dó a bheith ag obair trí ghníomhaíochtaí measúnaithe mar atá sonraithe laistigh de na treoracha nó treoirlínte measúnaithe.
- Sonraí measúnaithe an scoláire a chruthú, rud atá in ann leochaileacht an chórais a laghdú maidir le nithe nach bhfuil aon tsúil leo amach anseo amhail COVID.
- Ligean do dheiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas atá ag brath ar scrúduithe scríofa deiridh amháin.

Tá sé tábhachtach freisin tabhairt faoi deara go dtugann athbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe le fios freisin go ginearálta go bhfuil sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi chun rioscaí a laghdú nuair atáthar ag tabhairt isteach comhpháirteanna measúnaithe eile, rioscaí amhail:

- an iomarca measúnaithe ar an scoláire
- an iomarca cleachtaidh ar mheasúnaithe
- na measúnuithe ag éirí róstruchtúrtha, ró-dheighilte, róchoitianta, agus ró-ghnách.
-

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Leagtar amach i dTábla 1 na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair a threorú agus iad ag déanamh machnamh ar an measúnú is feiliúnaí do gach ábhar. Tá na paraiméadair shonracha do gach ábhar i dTráinse 2 leagtha amach anseo i dTábla 2.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair Thráinse 2**

| Breithnithe | Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú. |
|---|---|
| **Nádúr** | Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear sonraí ar fáil maidir le nádúr na comhpháirte. Cuimsítear an méid a leanas leis na samplaí reatha:<br>• tionscadal taighde/aiste bhreisithe<br>• measúnú cainte<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• cruthú déantáin<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/ cruthúnas coincheapa/ iniúchadh praiticiúil.<br><br>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir a n-éilítear ar an scoláire a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Déanfar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le tacar áirithe torthaí foghlama ón tsonraíocht ábhair a sholáthar, chomh maith le mionsonraí ar a ndéanfar measúnú ar phríomhinniúlachtaí agus torthaí foghlama gaolmhara. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a bheith á dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an measúnú comhpháirte i ngach ábhar. Beidh an rogha ann don ualú seo le bheith dar luach 50% i gcás Staidéir Foirgníochta, Innealtóireacht agus Corpoideachas, agus suas le 60% i gcás na Modúl Naisc GCAT. |
| **Uainiú** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse is gá chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh. |

| | |
|---|---|
| | Cé gur féidir le SDG a mholadh cathain a fhéadfaidh sin tarlú, is gá an cinneadh deiridh a dhéanamh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile agus tabharfaidh CSS an méid sin chun críche i ndiaidh comhoibriú a dhéanamh le CNCM agus RO.<br><br>Foilseoidh CSS an dáta a bheidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú ag an scoláire agus ní chuirfear an mionsonra sin san áireamh sa tsonraíocht ábhair. |
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe go gcuirfear déantán/doiciméad faoi bhráid CSS agus go ndéanfaidh CSS measúnú air.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Beidh na treoirlínte chun tacú leis na comhpháirteanna measúnaithe bainteach go sainiúil le gach ábhar. Is iad CNCM agus CSS le chéile a fhorbróidh na treoirlínte seo. Is iad plé ar an SDG a dhéanfaidh eolas dóibh seo le linn fhorbairt na sonraíochta agus cuimseofar leis sin:<br>• cuspóir na comhpháirte i gceist .i., a mbeartaítear a mheas léi.<br>• cineál na comhpháirte measúnaithe/na gníomhaíochta.<br>• tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe do gach ábhar de chuid Thráinse 2**

| Ábhar | Socruithe reatha | Paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Cuntasaíocht** | Scrúdú scríofa amháin. (3 uair an chloig) | Scrúdú scríofa: Ualú de 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú de 40%.<br><br>Socrófar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig an CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **Staidéar Foirgníochta** | Scrúdú scríofa (Gnáthleibhéal: 40%; Ardleibhéal: 50%) 1 pháipéar amháin (Gnáthleibhéal: 2.5 uair an chloig; Ardleibhéal: 3 uair an chloig)<br><br>Obair chúrsa (déantán agus punann) (Gnáthleibhéal: 30%; Ardleibhéal: 25%)<br>Scrúdú ar scileanna praiticiúla (Gnáthleibhéal: 30%; Ardleibhéal: 25%)<br><br>Déantar scrúdú ar obair chúrsa agus ar obair phraiticiúil ag leibhéal comónta. Déantar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon. | Scrúdú scríofa: Ualú de 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú de 50%.<br><br>Socrófar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig an CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **Innealtóireacht** | Scrúdú scríofa (Gnáthleibhéal: 40%; Ardleibhéal: 50%) 1 pháipéar amháin (Gnáthleibhéal: 2.5 uair an chloig; Ardleibhéal 3 uair an chloig)<br>Obair chúrsa (déantán agus punann) (Gnáthleibhéal: 30%; Ardleibhéal: 25%)<br>Scrúdú ar scileanna praiticiúla (Gnáthleibhéal: 30%; Ardleibhéal: 25%)<br><br>Déantar obair chúrsa a mheas ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal araon.<br><br>Déantar an scrúdú ar scileanna praiticiúla a mheas ag leibhéal comónta. Déantar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon. | Scrúdú scríofa: Ualú de 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú de 50%.<br><br>Socrófar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig an CSS bunaithe ar threoir chomónta. |

| | | |
|---|---|---|
| **Béarla** | Dhá pháipéar le sciar 50/50%.<br>Páipéar 1: Dírithe go ginearálta ar aistí agus ar thuiscint (2 uair an chloig 30 + 20 nóiméad d'am léitheoireachta).<br><br>Páipéar 2: Filíocht, dírithe ar litríocht (3 uair an chloig + 20 nóiméad d'am léitheoireachta). | Scrúdú scríofa: Ualú de 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú de 40%.<br><br>Socrófar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig an CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **Tíreolaíocht** | Scrúdú scríofa: Ualú de 80% (2 uair an chloig 30 nóiméad + 20 nóiméad d'am léitheoireachta).<br><br>Fiosrúchán Tíreolaíochta: Ualú de 20%. | Scrúdú scríofa: Ualú de 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú de 40%.<br><br>Socrófar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig an CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta** | Punann: Ualú de 60%.<br><br>Scrúdú scríofa: Ualú de 40%.<br><br>Punann curtha isteach leis an scrúdú scríofa i mí Márta den 6ú bliain.<br><br>Tá trí ghné den scrúdú scríofa: Cás-staidéar, ceisteanna closamhairc agus ceisteanna freagraí sínte.<br><br>Tá meascán de phríomhghnéithe agus de ghnéithe roghnacha i gceist sa phunann agus déantar an phunann faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga. | Punann: Ualú de 60%.<br><br>Scrúdú scríofa: Ualú de 40%. |

| | | |
|---|---|---|
| **Corpoideachas** | Tionscadal Gníomhaíochta Coirp: 20% (le treoir chomónta)<br>Measúnú feidhmíochta: 30% (le treoir chomónta)<br>Scrúdú scríofa: 50% (ag Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)<br><br>Tionscadal Gníomhaíochta Coirp: ar feadh tréimhse de 8 go 10 seachtaine a chuirtear isteach i bhformáid dhigiteach.<br><br>Gníomhaíocht Coirp: roghnaigh ceann de thrí ghníomhaíocht coirp; curtha isteach mar dhéantán digiteach. | Scrúdú scríofa: Ualú de 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú de 50%.<br><br>Socrófar an scrúdú scríofa ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig an CSS bunaithe ar threoir chomónta. |

# Tagairtí

Tuarascáil Chomhairleach ar Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, CNCM, [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/en/resources/senior-cycle-review-advisory-report/ [léite ar an 2 Eanáir, 2024]
An Roinn Oideachais. (An Roinn Oideachais) 2015. Creat don tSraith Shóisearach [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/3249/framework-for-junior-cycle-2015-en.pdf [léite ar an 11 Eanáir, 2024]
An Roinn Oideachais. (An Roinn Oideachais) 2022. Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 https://www.gov.ie/en/publication/69fb88-digital-strategy-for-schools/ [léite ar an 2 Eanáir, 2024]
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Inniúlacht Airgeadais agus Folláine in Éirinn 2018 [ar líne] ar fáil https://www.ccpc.ie/business/wp-content/uploads/sites/3/2018/12/Financial-capability-2018.pdf [léite ar an 13 Eanáir, 2024]
An Roinn Airgeadais, Athbhreithniú ar Bhaincéireacht Mhiondíola, Mí na Samhna 2022 [ar líne] ar fáil https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/240770/d8b98fef-fe6a-4df8-b7d6-2f63e9f224b8.pdf#page=null [léite ar an 13 Eanáir, 2024]
Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Inbhuanaitheacht do Chuntasóirí, Mí na Samhna 2020 [ar líne] ar fáil sustainability-for-accountants.pdf (charteredaccountants.ie) [léite ar an 28 Feabhra, 2024]
Cuntasóirí Cairte na hÉireann, Cód Eitice, Márta 2020. [ar líne] ar fáil https://www.charteredaccountants.ie/docs/default-source/technical-documents/ethics/code-of-ethics---december-2020.pdf?sfvrsn=e828ae7c_2 [léite ar an 16 Eanáir, 2024]
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2016. Sonraíocht Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí [ar líne] ar fáil https://curriculumonline.ie/getmedia/a00357e9-fa82-4f60-99f7-adae882eeb67/FINAL-NCCA-Specification-for-Jr-Cycle-Business-Studies-v5.pdf [léite ar an 3 Eanáir, 2024]
Tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath Staidéar Gnó agus Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí, CNCM, Lúnasa, 2020 [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/4805/published_report-on-phase-two-early-enactment-report_290520_en.pdf [léite ar an 3 Eanáir, 2024]
Sonraíocht Churaclaim Matamaitice na Sraithe Sóisearaí [ar líne] ar fáil https://curriculumonline.ie/getmedia/6a7f1ff5-9b9e-4d71-8e1f-6d4f932191db/JC_Mathematics_Specification.pdf [léite ar an 3 Eanáir, 2024]
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2018. Sonraíocht Churaclaim na hEacnamaíochta, 2018, CNCM, [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/3342d8a2-1e22-4f17-b82b-a8134fe16eb3/LCEconomics_0219_EN.pdf [léite ar an 4 Eanáir 2024]
An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 1995. Siollabas Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/Senior-Cycle/Senior-Cycle-Subjects/Accounting/ [léite ar an 4 Eanáir, 2024]
An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 1995. Treoirlínte Cuntasaíochta, [ar líne] ar fáil: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/22c1be27-b26d-4f0e-94ed-2bafc0b851b0/SCSEC01_Accounting_guidelines_English.pdf (léite ar an 4 Aibreán, 2024).
CNCM, Ráiteas Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, Athbhreithnithe 2022. [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/997056e3-2792-4ef6-8b6c-ef80c0dfccd8/Revised-LCVP-Programme-Statement_June-22_EN.pdf [léite ar an 4 Eanáir, 2024]
CNCM, Achoimre ar Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Athbhreithnithe 2021. [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/Senior-Cycle/LCA/Introduction-to-Information-and-Communications-Tec/ [léite ar an 8 Eanáir 2024]
CNCM, Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide – Speisialachas, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Athbhreithnithe 2021. [ar líne] ar fáil

https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9f55199a-e53d-4148-9787-a08b297f6803/LCA-ICT-SPECIALISM.pdf [léite ar an 8 Eanáir, 2024]
CNCM, Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. [ar líne] ar fáil https://www.curriculumonline.ie/getmedia/50229a17-be44-4c56-85df-ea5496e23cf5/Office-admin.pdf [léite ar an 8 Eanáir 2024]
An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) 1994. An Idirbhliain (IB) Ráiteas Cláir [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/2512/ty_transition_year_school_guidelines.pdf [léite ar an 4 Eanáir 2024]
CNCM, Dréacht-Ráiteas Chlár na hIdirbhliana le haghaidh Comhairliúcháin, Meitheamh 2023 [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/6322/draft-ty-programme-statement-for-consultation.pdf [léite ar an 11 Eanáir 2024]
Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2023. Staitisticí Scrúdaithe Bliantúla 2019-2023 [ar líne] ar fáil https://www.examinations.ie/statistics/ [léite ar an 8 Eanáir, 2024]
Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), 2018. Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta 2018 [ar líne] ar fáil https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-37609277.pdf [léite ar an 9 Eanáir, 2024]
Údarás Churaclaim agus Chaighdeáin na Scoileanna, Teastas Oideachais na hAstráile Thiar: Lámhleabhar WACE: Eolas le haghaidh scolaíocht mheánscoile sinsearaí 2023, [ar líne] ar fáil https://scsa.wa.edu.au/__data/assets/pdf_file/0014/1024430/WACE_Manual_2023.PDF [léite ar an 1 Eanáir, 2024]
Rialtas na hAstráile Thiar, Údarás Churaclaim agus Chaighdeáin na Scoileanna, Siollabas ATAR Bliain 11 [ar líne] ar fáil https://senior-secondary.scsa.wa.edu.au/__data/assets/pdf_file/0011/737723/Accounting_and_Finance_Y11_Syllabus_ATAR.PDF [léite ar an 1 Eanáir 2024]
Rialtas na hAstráile Thiar, Údarás Churaclaim agus Chaighdeáin na Scoileanna, Siollabas ATAR Bliain 12 [ar líne] ar fáil https://senior-secondary.scsa.wa.edu.au/__data/assets/pdf_file/0007/581227/Accounting_and_Finance_Y12_Syllabus_ATAR_GD.pdf [léite ar an 1 Eanáir 2024]
Údarás Cáilíochtaí na hAlban 2013, 2019, 2023, Sonraíocht an Ardchúrsa, Ard-chuntasaíocht [ar líne] ar fáil https://www.sqa.org.uk/sqa/files_ccc/h-course-spec-accounting.pdf [léite ar an 1 Eanáir, 2024]
An Aireacht Oideachais, Singeapór, 2020 an Roinn um Phleanáil Curaclaim agus Forbartha, Prionsabail na gCuntas, Siollabas Teagaisc agus Foghlama [ar líne] ar fáil https://www.moe.gov.sg/-/media/files/secondary/syllabuses/poa/2020principlesofaccountsexpressnormalacademicsyllabus.pdf [léite ar an 2 Eanáir 2024]
An Aireacht Oideachais, Singeapór, Inniúlachtaí an 21ú hAois, Meán Fómhair 2023 https://www.moe.gov.sg/education-in-sg/21st-century-competencies [léite ar an 2 Eanáir 2024]
An Aireacht Oideachais, Curaclam Ontario, Grád 11 agus 12 Staidéar Gnó [ar líne] ar fáil https://www.edu.gov.on.ca/eng/curriculum/secondary/business1112currb.pdf [léite ar an 2 Eanáir, 2024]

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment